Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/2184(COD)

26.2.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le cur chun feidhme Mholadh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 i ndáil le Droichead chuig Poist — An Ráthaíocht threisithe don Aos Óg agus a thagann in ionad Mholadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú
(2025/2184(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Hristo Petrov

PR_INI_TuarascáilCurChunFeidhme

CLÁR

Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 7

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 12

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ

Tá aidhm shoiléir ag an tuarascáil cur chun feidhme seo chun: tosaíocht pholaitiúil a dhéanamh de thacaíocht ghníomhach don fhostaíocht don aos óg i gcroílár chlár oibre an Aontais agus na mbeartas náisiúnta. Is tiomantas láidir polaitiúil í an Ráthaíocht don Aos Óg, gealltanas fostaíocht ar ardchaighdeán, oideachas leanúnach, printíseacht nó tréimhse oiliúna a thairiscint do gach duine óg faoi bhun 30 bliain d'aois laistigh de cheithre mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh an t-oideachas a fhágáil. Tá an tiomantas sin, a rinneadh in 2013 agus a athnuadh in 2020, mar bhonn agus mar thaca ag inchreidteacht an Aontais Eorpaigh i leith a chuid daoine óga.

Tá na torthaí inbhraite. Cé nach féidir na figiúirí sin a chur i leith chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg amháin, tá laghdú beagnach deich bpointe céatadáin tagtha ar dhífhostaíocht i measc na hóige san Aontas le deich mbliana anuas. Bhain breis agus 60 milliún duine óg tairbhe as scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg, agus tá athchóirithe institiúideacha sna Ballstáit mar thoradh ar neartú na hionstraime sin. Téann tarraingteacht an bheartais sin thar ár dteorainneacha freisin, agus tá scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg á bhforbairt cheana féin i dtíortha comharsanachta, go háirithe sna Balcáin Thiar. Mar sin féin, níor cheart go sáródh na héachtaí sin an fíoras go bhfuil dífhostaíocht i measc na n-óg fós beagnach trí huaire níos airde ná dífhostaíocht an daonra i gcoitinne, agus go bhfuil an treocht anuas marbhánta le trí bliana anuas. Tá an staid práinneach go fóill do roinnt daoine.

Tá líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) fós ard i roinnt Ballstát. Bíonn tionchar níos déine ag an bhfeiniméan sin ar mhná, ar Romaigh, ar dhaoine óga faoi mhíchumas agus ar ghrúpaí leochaileacha eile. Leagtar béim ann ar neamh-leordhóthanacht cur chuige a oireann do chách agus leagtar béim ann ar an ngá atá leis an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme ar bhealach spriocdhírithe, críochach agus cuimsitheach. Ní hamháin gur riachtanas sóisialta é na daoine óga sin a chur ag obair, ach is freagairt straitéiseach é freisin ar an nganntanas saothair agus scileanna atá ag cur bac ar ár ngeilleagair.

Chun gníomhú go héifeachtach, is gá tuiscint bheacht a bheith ann ar na spriocghrúpaí. Is constaic mhór í an easpa sonraí mionsonraithe maidir le próifílí NEET. Tá mapáil dhomhain ar fhoghrúpaí NEET agus ar a saintréithe fíor-riachtanach chun freagairtí iomchuí a fhorbairt. Ní mór do na daoine óga lena mbaineann a bheith rannpháirteach freisin i ndearadh na mbeart atá beartaithe dóibh. Ní éireoidh le haon bheartas cuimsithe gan rannpháirtíocht ghníomhach a thairbhithe.

Léiríonn an mheastóireacht ar chur i bhfeidhm an Ráthaíochta threisithe don Aos Óg uaillmhian pholaitiúil nach féidir a shéanadh agus úinéireacht náisiúnta láidir, ach freisin na teorainneacha a bhí le sárú ina oibríocht. Níl aon samhail aonair ann, ach iolrachas samhlacha, a léiríonn traidisiúin institiúideacha agus réaltachtaí mhargadh an tsaothair na mBallstát. Rinne cuid acu an Ráthaíocht don Aos Óg a chomhtháthú sna córais atá acu cheana, agus tá samhlacha tiomnaithe cruthaithe ag cuid eile acu. Tá rialachas láraithe ag cuid acu ar an leibhéal náisiúnta, agus tá cuid eile acu tar éis é a chineachadh go dtí an leibhéal áitiúil. Tá cuid acu i bhfabhar cur chuige 'tús áite don fhostaíocht', agus díríonn cuid eile acu ar oiliúint.

Is sócmhainn luachmhar í an éagsúlacht seo. Mar sin féin, ní féidir leis údar a thabhairt le bearnaí feidhmíochta iomarcacha i gcur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg. Léirítear

réaltacht chodarsnach le táscairí faireacháin dhírigh ar leibhéal an Aontais. Ní fhaigheann an iomarca daoine óga tairiscint laistigh de cheithre mhí, agus is beag duine acu a fhaigheann fostaíocht inbhuanaithe. Idir an dá linn, tá táscairí leantacha in easnamh go mór i dtéarmaí chainníocht agus cháilíocht na sonraí a bhailítear. Is constaic struchtúrach é neamhábaltacht riaracháin nó dhlíthiúil seirbhísí áirithe faisnéis a chomhroinnt agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn nach mór a shárú. Ní mór tús áite polaitiúil a thabhairt d'fheabhas a chur ar chórais faireacháin agus mheastóireachta sna Ballstáit.

Is cúis imní níos mó fós é go bhfuil formhór NEETanna, go háirithe iad sin is faide ó mhargadh an tsaothair, fós lasmuigh de na scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg. Daoine óga atá neamhghníomhach, a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe nó imeallaithe, agus nach bhfuil cláraithe le seirbhísí fostaíochta poiblí, ní thagann siad faoin radar institiúideach. Is minic nach mbíonn na hacmhainní daonna agus airgeadais ag na húdaráis atá freagrach as an gcur chun feidhme chun teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí sin. Mar thoradh air sin, is iad na daoine is mó a dteastaíonn tacaíocht uathu ná iad sin a fhaigheann an méid is lú. Ní féidir glacadh leis an staid sin ó thaobh na polaitíochta de. Tá géarghá leis na hacmhainní riaracháin agus daonna atá speisialaithe chun tacú le fostaíocht don aos óg a neartú i gcomhréir leis na dúshláin atá le sárú.

De ghnáth bíonn an t-eolas íseal. I roinnt Ballstát, tá an Ráthaíocht don Aos Óg leabaithe i scéimeanna níos leithne lena ndírítear ar dhaoine óga ar bhonn níos ginearálta nó ar fhostaíocht an daonra ina iomláine, go dtí go mbeidh sí dofheicthe. Níl a fhios ag roinnt tairbhithe fiú go bhfuil siad rannpháirteach i scéim Ráthaíochta don Aos Óg. Mar sin féin, cailleann beartas nach sainaithnítear ná nach dtuigtear a éifeachtacht agus a dhlisteanacht.

Ní mór an cosc a bheith ina cholún lárnach. Ní féidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg feidhmiú mar bheartas aonair nach ndéanann idirghabháil ach ag deireadh an tslabhra. Tá sé ríthábhachtach luathfhágáil scoile a chomhrac, tacú le daltaí atá i gcruachás agus tacaíocht iarshocrúcháin a chur ar fáil ionas nach bhfillfear arís agus arís eile ar stádas NEET. Tá gá le cur chuige leanúnach, comhtháite agus comhsheasmhach chun cuimsiú inbhuanaithe a bhaint amach.

Tá an chéim ullmhúcháin chomh ríthábhachtach céanna. Níl go leor daoine óga leochaileacha réidh láithreach le dul isteach sa mhargadh saothair. Teastaíonn treoir aonair, tacaíocht shíceasóisialta agus oiliúint i mbunscileanna uathu. Ní mór don tacaíocht sin aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an eisiaimh shóisialta sular féidir na NEETanna sin a athimeascadh. Ní mór cuimsiú gníomhach na ndaoine óga is imeallaithe a bheith mar phríomhthosaíocht ag an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg.

Sa chomhthéacs sin, is luamhán straitéiseach é bailíochtú na scileanna a shealbhaítear i suíomhanna neamhfhoirmiúla nó seachfhoirmiúla. Tá scileanna forbartha ag go leor daoine óga ina dtimpeallachtaí teaghlaigh, pobail nó sóisialta, ach ní aithnítear iad sin go hoifigiúil. Trí na scileanna sin a bhailíochtú, is féidir bacainní ar fhostaíocht a bhaint agus tallann áitiúil a chur chun cinn.

Baineann an t-ullmhúchán le hinstitiúidí freisin. Is minic nach mbíonn foireann cháilithe ag seirbhísí fostaíochta poiblí agus ag eagraíochtaí comhpháirtíochta chun déileáil leis na cásanna is casta. Fágann sé sin go bhfuilimid in ann an Ráthaíocht don Aos Óg a leathnú chuig daoine idir 25 agus 29 mbliana d'aois, rud atá ábhartha ó thaobh na polaitíochta de toisc go bhfuil na haistrithe chuig an bhfostaíocht níos faide agus níos éagobhsaí. Ach gan acmhainní breise,

déanann an leathnú seo iarrachtaí a chaolú agus ní sholáthraíonn sé tacaíocht leordhóthanach don aoisghrúpa nua seo. Tá gá le hacmhainní méadaithe chun cur chuige fíor-indibhidiúil a bhaint amach. Mura ndéanfar amhlaidh, beidh costas níos mó ar ghinearálú caighdeánaithe seirbhísí i ndeireadh na dála mar gheall ar a éifeachtacht theoranta maidir le neamhionannais a laghdú agus NEETanna a chomhtháthú san fhadtéarma.

Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar athchothromú na dtairiscintí atá beartaithe. Cé go bhfuil an tosaíocht a thugtar don fhostaíocht intuigthe i bhfianaise na práinne airgeadais atá roimh dhaoine óga, ní ráthaíonn poist fhóirdheonaithe lánpháirtiú fadtéarmach i gcónaí. Is fianaise shoiléir é filleadh go minic ar éiginnteacht. Dá roghnófaí an tairiscint is oiriúnaí do gach próifíl aonair, nó meascán d'oideachas, printíseachtaí, intéirneachtaí agus fostaíocht, d'fhéadfaí torthaí níos láidre agus níos inbhuanaithe a bhaint amach.

Ba cheart deiseanna oibre deonaí a áireamh mar chatagóir nua de thairiscintí scéime Ráthaíochta don Aos Óg. I gcás roinnt daoine óga, is féidir leis an obair dheonach creat solúbtha a chur ar fáil chun scileanna a fhorbairt, naisc shóisialta a atógáil agus ullmhú don fhostaíocht. Mar sin féin, ní mór cistiú breise a bheith ag gabháil leis na roghanna nua sin ionas nach mbainfear an bonn de na scéimeanna atá ann cheana.

Tá an cheist maidir le cáilíocht na dtairiscintí fós lárnach. Níor leor an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a ailíniú le creataí cáilíochta Eorpacha agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun fíordhifríocht a dhéanamh do thairbhithe. Le Modh Oscailte Comhordúcháin ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfaí dea-chleachtais a mhalartú ar bhealach struchtúrtha, chomh maith le critéir mheastóireachta a chomhchuibhiú agus faireachán níos déine a dhéanamh ar cháilíocht na socrúchán.

Tá rath na Ráthaíochta don Aos Óg ag brath freisin ar chomhpháirtíochtaí láidre idir aireachtaí, seirbhísí fostaíochta poiblí, seirbhísí oideachais, soláthraithe oiliúna, comhpháirtithe sóisialta, comhairlí náisiúnta don óige, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) agus údaráis áitiúla. Le cur chuige comhoibríoch, is féidir líonra tacaíochta comhtháite a chruthú agus cuidítear le muinín a athbhunú leis na daoine óga is faide ó mhargadh an tsaothair.

Ní mór sineirgí a neartú freisin leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí chun leanúnachas na tacaíochta don aoisghrúpa 15-18 mbliana d'aois a áirithiú agus chun cosc a chur ar leochaileachtaí a bheith daingnithe. Le cur chuige níos cuimsithí le straitéisí eile den Aontas maidir le cuimsiú, amhail Creat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh nó Straitéisí Aontas an Chomhionannais, neartófaí gníomhaíocht i bhfabhar daoine óga gan beann ar a gcás.

Ní féidir aon uaillmhian pholaitiúil a bhaint amach gan acmhainní airgeadais leordhóthanacha. Leis an nasc díreach le CSE+ agus leis an leithdháileadh tiomnaithe 12.5 % i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, bhíothas in ann dul chun cinn suntasach a dhéanamh. Mar sin féin, tá fíorbhaol ann d'inbhuanaitheacht agus d'éifeachtacht chistiú na Ráthaíochta don Aos Óg mar gheall ar dheacrachtaí maidir le cistí a ionsú i roinnt Ballstát agus deireadh a chur le cistiú atá curtha in áirithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá beartaithe le haghaidh 2028–2034.

I bhfianaise na dtorthaí cur chun feidhme atá fós míchothrom agus na n-éagothromaíochtaí leanúnacha idir na Ballstáit, tá gá le hiarracht pholaitiúil chun tacú le haistriú daoine óga chuig an margadh saothair. I gcás ina sáraíonn rátaí dífhostaíochta i measc na hóige agus rátaí NEET meán an Aontais, ní mór don Choimisiún cinntí ceangailteacha a ghlacadh. Ní hé an aidhm atá ann pionós a ghearradh ar na Ballstáit atá i gceist, ach pleananna soiléire feabhsúcháin a éileamh

chun an acmhainneacht riaracháin a neartú, cumhdach na spriocghrúpaí a fheabhsú, go háirithe iad sin is deacra a bhaint amach, straitéisí uaillmhianacha múscailte feasachta a fhorbairt, cáilíocht na dtairiscintí a fheabhsú agus córais iontaofa bailithe sonraí a bhunú. Is é an sprioc dheiridh feabhas a chur ar an gcóineasú sóisialta aníos san Aontas Eorpach agus réitigh phraiticiúla a chur ar fáil dár ndaoine óga.

Ní mór an Ráthaíocht don Aos Óg teacht leis na mianta atá léi: a bheith ina gealltanas inchreidte de chuimsiú, neamhspleáchas agus dínit do gach duine óg.

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le cur chun feidhme Mholadh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 i ndáil le Droichead chuig Poist — An Ráthaíocht threisithe don Aos Óg agus a thagann in ionad Mholadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (2025/2184(COD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal Droichead chuig Poist — An Ráthaíocht don Aos Óg a Athneartú agus a thagann in ionad Mholadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú[1],

– ag féachaint d'Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus d'Airteagail 145, 147, 149, 165, 288, agus 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 14, 15, 21 agus 31, di,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair agus a shínigh an Chomhairle, an Pharlaimint agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017, go háirithe Prionsabail 1, 3 agus 4 de,

– ag féachaint don Mholadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú[2],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Aontas Comhionannais: Creat straitéiseach nua an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach' (COM(2020)0620),

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[3],

– ag féachaint do chreat an tSeimeastair Eorpaigh agus do mholtaí tírshonracha,

– ag féachaint do chreat faireacháin agus tuairiscithe an Choiste Fostaíochta (EMCO) don Ráthaíocht don Aos Óg, lena n-áirítear táscairí faireacháin dhírigh, táscairí leantacha agus príomhtheachtaireachtaí a úsáidtear san fhaireachas iltaobhach ar a cur chun feidhme,

– ag féachaint do tháscairí Eurostat maidir le dífhostaíocht i measc na hóige agus daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna),

– ag féachaint do thuarascálacha faireacháin ón gCoimisiún agus do bhailiú sonraí maidir le cur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg,

[1] IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.
[2] IO C 120, 26.4.2013, lch. 1.
[3] IO L 223, 22.6.2021, lch. 14, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reco/2021/1004/oj?eliuri=eli%3Areco%3A2021%3A1004%3Aoj&locale=ga.

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013[4],

– ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha[5],

– ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Cáilíochta do Thréimhsí Oiliúna[6],

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht[7],

– ag féachaint don Mholadh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú[8],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta Uimh. 3/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an 24 Márta 2015 dar teideal ‘Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh don Aos Óg: na chéad chéimeanna glactha ach rioscaí cur chun feidhme amach romhain’, agus a thuarascáil speisialta Uimh. 5/2017 an 4 Aibreán 2017 dar teideal ‘Dífhostaíocht i measc an aosa óig – an ndearna beartais an Aontais Eorpaigh difear?’,

– ag féachaint don mheasúnú cur chun feidhme Eorpach dar teideal ‘Cur chun feidhme na Ráthaíochta threisithe don Aos Óg - Treochtaí i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, tionchar, cistiú an Aontais Eorpaigh agus rialachas’, a d’fhoilsigh Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2025,

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg[9],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2026),

A. de bhrí gurb éard atá sa Ráthaíocht threisithe don Aos Óg gealltanas ó na Ballstáit uile a áirithiú go bhfaighidh gach duine óg faoi bhun 30 bliain d’aois tairiscint mhaith fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó tréimhse oiliúna laistigh de 4 mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh an t-oideachas foirmiúil a fhágáil;

B. de bhrí go bhfuil sé deacair nasc cúisíoch díreach a bhunú idir cur chun feidhme na Ráthaíochta treisithe don Aos Óg agus na torthaí a breathnaíodh i dtéarmaí laghdú ar ráta

[4] IO L 231, 30.6.2021, lch. 21, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021R1057.
[5] IO C 153, 2.5.2018, lch. 1.
[6] IO C 88, 27.3.2014, lch. 1.
[7] IO C 417, 2.12.2020, lch. 1.
[8] IO C 398, 22.12.2012, lch. 1.
[9] IO C 395, 29.9.2021, lch. 101.

NEET agus dífhostaíocht i measc na hóige;

Treochtaí i gcur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg

1. á chur in iúl gur geal léi feidhmíocht láidir na margaí saothair san Aontas agus na rátaí dífhostaíochta a bhí íseal go stairiúil; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach bhfuil tionchar níos mó ag an treocht sin ar dhaoine óga, a bhfuil a ráta dífhostaíochta thart ar 15 %, fós beagnach trí huaire níos airde ná an ráta don daonra i gcoitinne;

2. á chur in iúl gur geal léi an treocht anuas i ráta na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) san Aontas ó tugadh isteach an Ráthaíocht don Aos Óg, a thit go 11.1 % in 2024; á thabhairt dá haire, áfach, go bhfuil éagothromaíocht idir na Ballstáit, agus go bhfuil sprioc 2030 bainte amach ag cuid acu cheana féin agus gur údar imní é an líon ard NEETanna atá fós ag cuid eile acu;

3. ag cur béim ar an bhfíoras go dtugtar le fios le táscairí faireacháin dhírigh don Ráthaíocht don Aos Óg dúshláin shuntasacha agus leanúnacha maidir le scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg a thabhairt i bhfeidhm agus a chur i gcrích; á thabhairt chun suntais, go háirithe, gur fhan níos mó ná leath na rannpháirtithe (54 %) sa chéim ullmhúcháin ar feadh níos mó ná 4 mhí in 2024, agus gur lú ná leath na gcásanna (45.1 %) a bhí i gceist le himeacht dearfach agus tráthúil ón gcéim ullmhúcháin;

4. á chur i bhfáth go bhfuil táscairí leantacha thíos le heaspa sonraí agus laigí modheolaíochta i roinnt Ballstát;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfuil daoine óga áirithe i staid shóisialta an-leochaileach agus go bhfuil baol níos airde dífhostaíochta rompu, chomh maith le bacainní struchtúracha ar rochtain a fháil ar oiliúint agus ar fhorbairt scileanna;

6. ag cur béim ar an bhfíoras, mar thoradh ar chomhtháthú an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) in CSE+, go bhfuil oibleagáid ann 12.5 % de CSE+ a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí agus athchóirithe lena gcuirtear fostaíocht don aos óg, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus an t-aistriú ón scoil go dtí an obair chun cinn do Bhallstáit a bhfuil ráta NEET os cionn mheán an Aontais acu; á chur in iúl gur oth léi go mór nach n-áirítear an cur in áirithe sin, oidhreacht de TFAO, sa togra ón gCoimisiún le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2028-2034;

Tionchar na Ráthaíochta threisithe don Aos Óg

7. ag aithint gur ghníomhaigh Ráthaíocht threisithe don Aos Óg mar chatalaíoch d'athchóirithe institiúideacha agus do nuálaíochtaí beartais ar fud na mBallstát, agus gur spreag sé machnamh freisin ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a atheagrú do dhaoine óga;

8. á chur i bhfáth go bhfuil tionchar Ráthaíochta threisithe don Aos Óg míchothrom ar fud na mBallstát ó thaobh a chur chun feidhme de agus maidir le gnéithe sonracha an atreisithe;

9. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil feasacht ar scéimeanna Ráthaíochta threisithe don Aos

Óg fós íseal i measc daoine óga agus, go pointe áirithe, i measc údarás, seachas iad sin atá freagrach go díreach as na scéimeanna nó as saincheisteanna fostaíochta;

10. ag tabhairt dá haire gurb í an fhor-rochtain fós ceann de na príomhbhacainní ar chur chun feidhme na Ráthaíochta threisithe don Aos Óg; á chur in iúl gur oth leis go bhfuil bearta éighníomhach den chuid is mó agus nach bhfuil siad bunaithe ach ar NEETanna atá cláraithe le seirbhísí poiblí fostaíochta;

11. á chur in iúl gur cúis imní di cothromas scéimeanna Ráthaíochta threisithe don Aos Óg ó thaobh a gcumais dul i bhfeidhm ar ghrúpaí leochaileacha agus neamhghníomhacha, go háirithe i gceantair iargúlta, amhail na pobail Romacha;

12. á chur in iúl gur cúis imní di an treocht a tugadh faoi deara laistigh de scéimeanna Ráthaíochta threisithe don Aos Óg maidir le haistriú ó sheirbhísí pearsantaithe go seirbhísí ginearálaithe;

13. á thabhairt dá haire, d'ainneoin béim a bheith ar chritéir cháilíochta a ailíniú maidir le creataí an Aontais, go bhfuil feabhas ábhartha an-teoranta tagtha ar cháilíocht na dtairiscintí ó tugadh isteach Ráthaíocht threisithe don Aos Óg;

14. á mheas nár bhain Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a chuspóirí amach go hiomlán agus gur gá tuilleadh feabhais a chur air chun an bhearna idir uaillmhian na hionstraime seo agus a cur chun feidhme praiticiúil a dhúnadh;

Moltaí

15. á iarraidh ar na Ballstáit feabhsuithe spriocdhírithe a chur ar fáil ar acmhainneachtaí sonracha riaracháin SPFanna agus ar eintitis náisiúnta eile atá freagrach as cur chun feidhme Ráthaíochta threisithe don Aos Óg;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní casta atá roimh NEETanna, chun dul i ngleic le bunchúiseanna an eisiaimh shóisialta sula dtabharfar aghaidh ar staid na fostaíochta do NEETanna;

17. á chur i bhfáth go bhfuil cur chuige comhoibríoch bunriachtanach chun cur chun feidhme rathúil Ráthaíochta threisithe don Aos Óg a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit an comhar idir aireachtaí, SPFanna, comhpháirtithe sóisialta, gníomhaithe sa mhargadh saothair, comhairlí náisiúnta don óige agus an tsochaí shibhialta a neartú ar an leibhéal lárnach agus áitiúil chun a áirithiú go n-oibreoidh gach duine laistigh de líonra comhtháite seirbhísí do NEETanna;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sraith beart coisctheach a áireamh i scéimeanna Ráthaíochta threisithe don Aos Óg lena ndíreofar ar luathfhágáil na scoile chun tionchair níos déanaí ar shaol daoine óga a sheachaint;

19. á iarraidh ar na Ballstáit a dtairiscint gairmoideachais agus gairmoiliúna a neartú agus a gcórais foghlama ar feadh an tsaoil a nuachóiriú, go háirithe trí fhéachaint ar roghanna le haghaidh cuntais oiliúna aonair nó cistí oiliúna i gcomhréir le samhlacha náisiúnta;

20. á iarraidh, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, go mbeadh sineirge níos fearr ann idir an Ráthaíocht don Aos Óg agus ionstraimí na Ráthaíochta do Leanaí, go háirithe chun tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do leanaí atá i ngátar, ó 15 go 18 mbliana d'aois agus nuair a thagann siad chun bheith ina ndaoine fásta óga; á chur i bhfáth nach mór é a bheith mar aidhm ag an gcur chuige comhtháite seo cosc a chur ar fheiniméan na 'titime tobainne as cúram';

21. á iarraidh ar na Ballstáit bearta for-rochtana a neartú lena ndírítear ar NEETanna leochaileacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil agus príomhthosaíocht a dhéanamh de ghníomhachtú an ghrúpa sin maidir lena gcur chun feidhme Ráthaíochta threisithe don Aos Óg;

22. á iarraidh ar na Ballstáit, i gcomhréir le Moladh ón gComhairle 2012, a gcórais le haghaidh bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla a neartú; á mholadh go ndéanfaí na córais sin a oiriúnú chun teagmháil a dhéanamh le NEETanna leochaileacha trí fheabhas a chur ar acmhainneachtaí na ndaoine atá freagrach as bailíochtú, nó trí shocruithe sonracha a thairiscint, agus cáilíocht na nósanna imeachta sin á háirithiú ag an am céanna;

23. á iarraidh ar na Ballstáit na tairiscintí a chuirtear ar fáil faoi scéimeanna Ráthaíochta threisithe don Aos Óg a athchothromú i dtreo forbairt scileanna trí spleáchas ar fhostaíocht agus ar phoist fhóirdheonaithe a laghdú mar bheart réamhshocraithe;

24. á mholadh go gcruthófaí an cúigiú sraith do scéimeanna Ráthaíochta threisithe don Aos Óg, lena ndíreofar ar dheiseanna saorálaíochta; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé d'acmhainn ag an tsaorálaíocht scileanna agus infhostaitheacht NEETanna a fheabhsú agus freastal ar dhaoine óga leochaileacha ar bhealach níos solúbtha;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún modh oscailte comhordúcháin a sheoladh maidir le cáilíocht thairiscintí Ráthaíochta threisithe don Aos Óg;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistiú leormhaith a leithdháileadh do Ráthaíocht threisithe don Aos Óg sa chéad CAI eile, go háirithe trí chistí an Aontais a choinneáil ar leataobh;

27. ag tathant ar na Ballstáit a gcórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Ráthaíochta threisithe don Aos Óg a neartú go suntasach ó thaobh cháilíocht agus iomláine na sonraí a bhailítear;

28. á thabhairt dá haire go bhfuil torthaí chur chun feidhme Ráthaíochta threisithe don Aos Óg míchothrom agus go bhfuil na dúshláin a sainaithníodh fós ábhartha sa lá atá inniu ann; á iarraidh ar an gCoimisiún cinntí a ghlacadh de réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh atá dírithe ar na Ballstáit a bhfuil a rátaí dífhostaíochta i measc na hóige agus rátaí NEET níos airde ná meán an Aontais;

°

° °

29. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
European Youth Forum
Youth Guarantee coordinator in Bulgaria
Fundación Secretariado Gitano
European Commission (DG EMPL)
European Commission (DG EAC)
European Trade Union Confederation (ETUC)
European Training Foundation
Business Europe
CEDEFOP
Youth Guarantee coordinator in Czechia
Youth Guarantee coordinator in Romania
Eurofound
Office of the Youth Guarantee coordinator in France

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.:

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)